# Líon na Bearnaí

## Sraith 1: Teip sa Scrúdú Tiomána

**Pictiúr 1**

Bhí _____________ ag Seán dul faoi scrúdú tiomána. Shroich sé an t-ionad tástála in am mar thug a athair síob dó. Tar éis dá athair "ádh mór" a ghuí air d'fhág sé ann é. Bhí an cáirrín beag ina ndéanfadh sé an scrúdú réidh faoina chomhair agus "L" mór groí ar an _____________ tosaigh agus ceann eile ar an bhfuinneog cúil. Seasann L d'fhoghlaimeoir as Béarla, ar ndóigh. Is léir ón dreach imníoch a bhí ar Sheán go raibh faitíos air roimh an scrúdú seo.

**Pictiúr 2**

Nuair a chonaic Seán an _______________ thit an lug ar an lag air. Fear ró-dháiríre ab ea é. Bhí gruaig dhubh air, spéaclaí sean-fhaiseanta le frámaí dubha á gcaitheamh aige, agus cé go raibh a ghialla bearrtha bhí iarracht d'fhéasóigín is de chroiméal tanaí timpeall ar a bhéal. Geosadán má bhí a leithéid riamh ann, dar le Seán. Dúirt sé go gcuirfeadh sé cúpla ceist ar Sheán ar dtús. Bhí peann agus fáisc-chlár ina lámha aige agus thosaigh sé ag scríobh.
Ar deireadh thiar tosaíodh ar an scrúdú. Shuigh Seán i _______________ an tiománaí agus an scrúdaitheoir i suíochán an phaisinéara. Cheangail siad araon an _____________ sábhála. Bhí droch-ghiúmar ar an scrúdaitheoir. B'fhéidir go raibh eagla air siúd freisin.

**Pictiúr 3**

Rinne Seán dearmad ar an scrúdú tiomána nuair a chonaic sé cairde leis ag teacht amach as siopa. Bhain sé a lámh dheis den _____________ stiúrtha agus bheannaigh sé dóibh. Bhí an-bhród air go raibh carr á thiomáint aige. Bhí an scrúdaitheoir ar mire le fearg.

**Pictiúr 4**

Seán bocht. A fhad is a bhí seisean ag ________________ dá chairde stop an carr a bhí os a chomhair agus bhuail carr Sheáin é. Plimp! Bhí an dochar déanta. Baineadh ___________ as an tiománaí eile. Ní raibh a fhios aige cad a tharla. Bhí alltacht ar Sheán agus uafás ar an scrúdaitheoir. Bhí aiféala ar chairde Sheáin.

# Líon na Bearnaí

**Pictiúr 5**

Cuireadh fios ar na gardaí agus b'éigean don scrúdaitheooir a mhíniú dóibh gur fhoghlaimeoir é Seán agus go ndearna sé dearmad. B'éigean do Sheán a leithscéal a ________________ leis an tiománaí eile. __________________ sé go n-íocfadh a athair as na soilse a briseadh ar an gcarr eile mar is léir ó na sligí gloine a bhí sa bhruscarnach ag láthair na timpiste.

**Pictiúr 6**

Nuair a d'fhill Seán agus an scrúdaitheoir ar an Ionad Tástála d'inis an scrúdaitheoir do Sheán gur theip air sa scrúdú an uair seo ach go mbeadh _______________ eile aige. Dá ndéanfadh sé cleachtadh agus dá dtabharfadh sé _________________ don trácht os a chomhair ar an tsráid go n-éireodh leis. Chuaigh Seán abhaile maolchluasach go leor.